Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Márta 2021**
**(OR. en)**

**5330/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0211(COD)**

**GAF 6**
**FIN 36**
**UD 8**
**AGRI 11**
**ENFOCUSTOM 11**
**JAI 35**
**ENFOPOL 14**
**EPPO 4**
**CADREFIN 20**
**CODEC 46**
**PARLNAT 57**

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– A ghlac an Chomhairle an 16 Márta 2021 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 30 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais Eorpaigh (an Clár)[1].

2. An 12 Feabhra 2019, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa rún reachtach lena seasamh ar an gcéad léamh[2].

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhrac na Calaoise an togra ón gCoimisiún ag roinnt cruinnithe idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2018. An 12 Nollaig 2018, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, i bhfianaise roinnt forálacha cothrománacha a bhaineann leis an gcaibidlíocht a bhí ar siúl ag an am maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)[3].

4. Idir mí Aibreáin agus mí na Samhna 2020, tionóladh roinnt cruinnithe teicniúla. Réitíodh líon mór saincheisteanna ar bhonn comhréitigh ón dá thaobh le linn na gcruinnithe sin.

---

[1] 9539/18 + ADD 1 + ADD 2 (COM(2018) 386 final + IARSCRÍBHINN + SWD(2018) 281 final).

[2] 6207/19.

[3] 15467/18.

5. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí na Meithle um Chomhrac na Calaoise maidir leis an téacs nuair a thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le CAI an 10 Samhain 2020. Ar bhonn an chomhairliúcháin sin, lenar deimhníodh sainordú na hUachtaránachta, d'óstaigh an Uachtaránacht cruinniú tríthaobhach an 8 Nollaig 2020 trí fhíschomhdháil, ag ar thángthas ar chomhaontú sealadach, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

6. An 18 Nollaig 2020, cuireadh an comhaontú sealadach i láthair agus pléadh é ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um Chomhrac na Calaoise, nach raibh aon agóid aici in aghaidh théacs an chomhaontaithe.

7. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh deiridh an 8 Eanáir 2021[4].

8. Cuireadh an téacs sin faoi bhráid vóta dearbhaithe Choiste Pharlaimint na hEorpa um Rialú Buiséadach an 11 Eanáir 2021. An lá céanna, chuir Cathaoirleach an Choiste sin litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) chun a chur in iúl, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil sa riocht a bhfuil sé ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin, go molfadh sé do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. CUSPÓIR

9. Is é is aidhm don chlár tacú le hiarrachtaí na mBallstát an chalaois agus an t-éilliú, mar aon le gníomhaíochtaí agus neamhrialtachtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais agus do bhuiséad an Aontais, a chomhrac, chomh maith le hoiliúint spriocdhírithe agus malartú faisnéise agus dea-chleachtas a mhaoiniú i measc lucht forfheidhmithe frithchalaoise ar fud na hEorpa. Leis an gclár, tacófar freisin le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha trí threalamh teicniúil a cheannach a úsáidfear chun an chalaois a bhrath agus a imscrúdú, chomh maith le rochtain ar chórais shlána faisnéise a éascú.

[4] 14259/20 + ADD1.

Tiocfaidh an clár nua in ionad an chláir Hercule III atá ann faoi láthair, agus déanfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) é a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

10. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh (‘luath-chomhaontú ar an dara léamh').

11. Léirítear le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach cothrom a baineadh amach sa chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar éascaigh an Coimisiún í.

Dírítear sa chomhaontú ar an méid seo a leanas:

- cothromaíocht a áirithiú idir na forálacha nós imeachta agus an méid shrianta an chláir. Go háirithe, glactar an clár oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme gan nós imeachta coiste (*Airteagal 11*) agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforbraítear creat faireacháin agus meastóireachta an chláir agus lena leasaítear an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán lena n-áirítear liosta de tháscairí faireacháin (*Airteagal 12*);

- an Coimisiún a bheith faoi cheanglas tuarascáil maidir le feidhmíocht an chláir a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle uair in aghaidh na bliana faoi chuimsiú na tuarascála bliantúla maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar mholtaí ó Pharlaimint na hEorpa arna gcur in iúl sa chomhthéacs sin (*Airteagal 12*);

- miondealú táscach ar an imchlúdach airgeadais idir trí chomhpháirt de chuid an chláir, agus uasteorainn 2 % don chaiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár a chur chun feidhme (*Airteagal 3*);

- liosta neamh-uileghabhálach gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh deontas (*Airteagal 9*) agus uasrátaí cómhaoinithe le haghaidh deontas atá socraithe ag 80 % de na costais incháilithe, ar féidir, i gcásanna eisceachtúla, iad a mhéadú go dtí 90 % ar a mhéad de na costais incháilithe (*Airteagal 8*);

- gealltanas ón gCoimisiún neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a áirithiú agus na meastóireachtaí á ndéanamh (*Airteagal 13*);

- forálacha maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an chláir ón 1 Eanáir 2021 chun leanúnachas gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gclár a cheadú (*Airteagail 18 agus 19*);

- de bhreis ar na forálacha caighdeánacha maidir le rannpháirtíocht na dtríú tíortha, aithris lena bhféachtar le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil comhaontú comhlachais i bhfeidhm acu leis an Aontas a spreagadh, d'fhonn cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú trí chomhar a bhaineann le custaim agus trí mhalartú dea-chleachtas (*Aithris 20*);

- aithris lena dtugtar isteach an sprioc aeráide d'ainneoin bhuiséad teoranta agus bhéim shonrach an chláir (*Aithris 33*).

## IV. <u>CONCLÚID</u>

12. Tá an Chomhairle den tuairim gur den dea-chothromaíocht an seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus go gcomhlíonfaidh an Rialachán nua, a luaithe a ghlacfar é, na cuspóirí maidir le tacaíocht a thabhairt do chosaint na leasanna airgeadais, tuairisciú neamhrialtachtaí, agus cúnamh riaracháin agus comhar frithpháirteach in ábhair a bhaineann le custaim agus talmhaíocht a sholáthar.